Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Samhain 2022
(OR. en)

12484/22

LIMITE

CORLX 809
CFSP/PESC 1171
CSDP/PSDC 565
CIVCOM 178
COEST 659
EUMM GEORGIA 7
CSC 394

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia |

**CINNEADH (CBES) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Lúnasa 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/452/CBES[1], lenar cuireadh síneadh le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia), arna bhunú le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/736/CBES ón gComhairle[2].

(2) An 3 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1990[3], lena gcuirtear síneadh le sainordú EUMM Georgia go dtí an 14 Nollaig 2022.

(3) Mar thoradh ar an athbhreithniú straitéiseach ar an Misean, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála go gcuirfí síneadh le sainordú EUMM Georgia go dtí an 14 Nollaig 2024.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2010/452/CBES a leasú dá réir.

PUBLIC

---

1 Cinneadh 2010/452/CBES ón gComhairle an 12 Lúnasa 2010 maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L 213, 13.8.2010, lch. 43). (IO L 213, 13.8.2010, lch. 43).

2 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/736/CBES ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2008 maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L 248, 17.9.2008, lch. 26).

3 Cinneadh (CBES) 2020/1990 ón gComhairle an 3 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L 411, 7.12.2020, lch. 1).

(5) Cuirfear an Misean i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

PUBLIC

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 14(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Is é EUR 47 141 684,02 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an Misean a chumhdach idir an 15 Nollaig 2022 agus an 14 Nollaig 2024.';

(2) in Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Rachaidh sé in éag an 14 Nollaig 2024.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 15 Nollaig 2022.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC